



Ár bhfís:

Cultúr náisiúnta ina
mbeidh cách tiomanta
don tsláinte ar na
láithreacha oibre agus
do bhainistiú slán
inbhuanaithe na n-ábhar
ceimiceach



Clár an Ábhair

Brollach	2
Spriocanna an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta	3
1. Clár iniúchta náisiúnta le measúnú a dhéanamh ar bhainistiú na bpríacal sláinte agus sábháilteachta	4
2. Treoir agus comhairle d'fhostóirí agus d'fhostaithe	8
3. Tosaíochtaí don bhliain 2010	10
4. Clár ceimiceán	14
5. Clár forbartha reachtaíochta	16
6. Mar a oibrímid	17
Aguisín 1 – Clár Forbartha Reachtaíochta 2010	20
Aguisín 2 – Treoir agus Cóid Chleachtais 2010	21

Arna fhoilsiú i bhFeabhra na bliana 2010 ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1. © Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur i bhfoirm ar bith nó ar mhodh ar bith, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil nó ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Tá ár gclár don bhliain 2010 bunaithe ar obair na gclár roimhe seo, cláir a chuaigh go seasta, in imeacht fiche bliain, chun leasa na feasachta agus na géilliúlachta don dlí i gcúrsaí sábháilteachta agus sláinte.

Tá de thoradh díreach air seo go bhfuil laghdú suntasach ar líon na ngortuithe agus na mbásanna ar gníomhaíochtaí oibre is siocair leo. I rith 2009 ba síos i gcónaí a bhí an treocht maidir le líon na mbásanna ar láthair na hoibre agus ba lú ráta na dtimpistí marfacha i 2009 ná in aon bhliain ó cuireadh an tÚdarás ar bun.

Is éard atá romhainn a déanamh i 2010 agus sna blianta ina dhiaidh sin na laghduithe seo a chaomhnú, san aimsir seo ina bhfuil brú mór ar na hacmhainní atá le fáil maidir le hinfheistíocht i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta.

Is é an straitéis atá againn don tréimhse 2010 go dtí 2012 tosaíochtaí nua a leagan amach a fhreagróidh don tábhacht mhór atá anois leis an tsláinte cheirde i dtaca leis an neamhláithreachtaí ón obair, agus don ról is mó tábhacht atá againne maidir le sábháilteacht ceimiceán.

Is mó an bhéim a chuirfear ar an tsláinte cheirde i rith 2010. Téann an obair chun leasa na sláinte ach tá baint ag gníomhaíochtaí áirithe, nó ag cleachtais, substaintí nó slite beatha, leis an drochshláinte. Is minic nach dtagann an dochar atá déanta chun solais ach blianta i ndiaidh don duine a bheith ag plé leo. Dá dheasca seo is fadhb dheacair í an tsláinte cheirde ach tá deiseanna le tapú freisin inti d'fhonn rátaí an tinnis cheirde a laghdú.

Cuid chroí-lárnach de ról an Údaráis í an tsláinte cheimiceán ón tús ach toisc sinn anois a bheith ag feidhmiú REACH, straitéis

cheimiceán an AE, tá méadú mór ar an ról sin, agus cuimsíonn sé, ní hamháin sláinte na ndaoine ach an comhshaol freisin.

Tá tosaíochtaí nua le haithint ar an gclár seo ach freisin tá sé comhoiriúnach leis na cláir a chuaigh roimhe. Is lú na daoine a mharaítear le linn na hoibre ach tá an iomarca daoine fós ann a ghortaítear ar chúiseanna aithnidiúla a d'fhéadfaí a sheachaint. Leanfaimid dínn mar sin ag cur béime ar chosc na ngortuithe úd a thagann de dheasca titime, nó gníomhaíochtaí a bhaineann le feithiclí, sleamhnú, cora coise agus an láimhseáil fhisiceach.

Is deacair a rá sách láidir go mbraitheann an dea-shábháilteacht agus áiritiú na sláinte ar thiomantas gach duine aonair agus ar ghníomhartha na stiúrthóirí, na mbainisteoirí agus na n-oibrithe. Is daoine mar seo a leagann síos an treoir agus a thugann an sampla do dhaoine eile. Dá réir sin beimid ag iarraidh iad a inspreagadh agus cabhrú leo agus leis na heagraíochtaí acu feabhas a chur ar an gcaoi a mbainistíonn siad an tsábháilteacht agus an tsláinte. Forfheidhmeoidimid freisin na hoibleagáidí dlí a bhaineann le heagraíochtaí agus le daoine aonair go cothrom comhréireach d'fhonn gach bás agus gortú is féidir a sheachaint a chosc in ionaid oibre na hÉireann.

Tá staid eacnamaíochta an stáit agus na hearnála príobháidí deacair go maith le tamall anuas. Athróidh sé seo arís agus ní mór dúinn a bheith san airdeall agus oibriú lena chinntiú go mbeidh an tÚdarás, na fostóirí agus na hoibrithe atá ann agus ag teacht i riocht cur le rath na tíre amach anseo. Is féidir é seo a bhaint amach ach an tsábháilteacht agus an tsláinte a bhainistiú go maith agus líon na ngortuithe agus na mbásanna ar láthair na hoibre a choinneáil íseal mar aon leis na costais phearsanta, shóisialta agus eacnamaíochta a bhaineann leo.



Jim Lyons
Cathaoirleach
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta



Spriocanna an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Tá an tÚdarás tar éis na spriocanna seo a leanas a chur roimhe don tréimhse 2010 go dtí 2012. Déanfar bearta ar leith i ngach clár oibre bliantúil d'fhonn na spriocanna seo a chur i gcrích:

- Cur ar chumas na bhfostóirí, na bhfostaithe agus lucht dualgais eile na priacail i leith na sábháilteachta, na sláinte agus an leasa a laghdú.
- Dúthracht na ndaoine a spreagadh le go mbeidh láthair na hoibre slán sábháilte, rud a chuirfidh rath freisin ar gach fiontar.
- Tacú leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le reachtaíocht agus polasaithe cuí a thionscnamh agus a fhorbairt.
- Iad siúd a dhéanann faillí ina gcuid dualgas agus freagrachtaí i leith na sábháilteachta, na sláinte agus an leasa cheirde a thabhairt chun cuntais.
- Bainistiú sábháilte inbhuanaithe ceimiceán a chur chun cinn.
- Féachaint chuige go mbeidh an tÚdarás éifeachtach agus é ag cur a chuid spriocanna i gcrích agus go dtabharfaidh sé luach ar airgead.

» 1. Clár iniúchta náisiúnta le measúnú a dhéanamh ar bhainistiú na bpríacal sláinte agus sábháilteachta

Beidh an tÚdarás go mór i dtreis in ionaid oibre in Éirinn i rith 2010 de bharr 15,000 iniúchadh agus imscrúdú. Tabharfaidh na cláir chigireachta faoi:

- Bainistiú sábháilteachta agus sláinte
- Measúnú riosca scríofa, go háirithe le haghaidh na bpríomhrioscaí aithnidiúla
- Eolas agus feasacht ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta i measc bainisteoirí sinsearach
- Comhairliúchán sláinte agus sábháilteachta
- Fógra a thabhairt ar thimpistí intuascála
- Úsáid agus rialú ceimiceán

Táthar tar éis na gníomhaíochtaí cigireachta a leithroinnt i 2010 ar bhonn na rioscaí atá i dtreis. Tá eárnálacha ar leith sainaitheanta ag an Údarás le haghaidh iniúchtaí spriocdhírthe réamhghníomhacha. Leithdháileadh na hacmhainní ar bhonn athbhreithnithe ar na táscairí príacail, do na hearnálacha, lena n-áirítear timpistí marfacha nó troma, na leibhéil gníomhaíochta san earnáil, déimeagrafaic an daonra oibrithe, agus na sonraí atá le fáil ar bhunachar sonraí an Údaráis féin.

Pléifidh an tÚdarás go gníomhach le comhlachtaí poiblí eile, go mór mór leo siúd a bhfuil ról forfheidhmithe acu, d'fhonn ár straitéis forfheidhmithe, atá bunaithe ar na príacail a leathnú.

Cláir chigireachta leanúnacha 2010

Earnáil	Gníomhaíocht chigireachta a bheartaítear
Tógáil	5,000
Talmhaíocht	1,250
Déantúsaíocht	1,750
Mianaigh agus Cairéil	300
Mórdhíol/Miondíol	1,250
Seirbhísí Sláinte	400
Oideachas	400
ADR (Iompar earraí ar an mbóthar) agus stórais pheitriam phríobháideacha mhiondíola	1,450
Príomhláithreacha príacail timpiste	200
Stóráil ceimiceán contúirteach seachas peitreal	200
Eile	500

1. Clár iniúchta náisiúnta le measúnú a dhéanamh ar bhainistiú na bpríacal sláinte agus sábháilteachta

Cláir chigireachta spriocdhírthe 2010

Earnáil	Gníomhaíocht chigireachta a bheartaítear
Cóiríocht	250
Seirbhísí airgeadais	250
Riarachán poiblí	200
Leictreachas	50
Siamsaíocht	50



1. Clár iniúchta náisiúnta le measúnú a dhéanamh ar bhainistiú na bpriacal sláinte agus sábháilteachta

Tabharfaidh an tÚdarás freisin faoi timpeall agus 1,500 imscrúdú frithghníomhach a bheidh bunaithe ar ghearáin tosaíochta, ar thimpistí marfacha agus troma agus ar theagmhais chontúirteacha.

Déanfar measúnú ar chóras bainistithe sláinte agus sábháilteachta gach ionaid oibre a iniúchfar mar chuid de na cláir imscrúdaithe réamhghníomhacha. Déanfaidh ár gcigirí an méid seo:

- Iarrfaidh siad agus scrúdóidh siad an Ráiteas Sábháilteachta agus an Measúnú Riosca scríofa.
- Measúnóidh siad leibhéal an chomhairliúcháin a dhéantar leis na fostaithe i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta.
- Déileálfaidh siad le bainisteoirí sinsearach, leis na hionadaithe sláinte agus/nó leis na fostaithe maidir le bainistiú na sláinte agus na sábháilteachta.
- Féachfaidh siad cé mar atáthar ag comhlíonadh an dualgais atá ann fógra a thabhairt don Údarás faoi thimpistí intuarascála.

Féachfaidh siad cén fhianaise atá ann go bhfuil na príomhphriacail aithnidiúla i ngach earnáil faoi smacht. Measúnóidh siad freisin bainistiú na bpriacal seo a leanas i ngach earnáil: láimhseáil fhisiceach; sleamhnuithe, cora coise agus titimí; feithiclí oibre agus úsáid ceimiceán.

Tabharfaidh an tÚdarás iad siúd a dhéanann faillí ina gcuid dualgas agus ina gcuid freagrachtaí chun cuntais. Déanfar bearta ceartaitheacha láithreach más cosúil go bhfuil priacal trom gortaithe pearsanta ann. Déanfaimid an méid seo:

- Fiosróimid gearáin a dhéantar chun an Údaráis faoi ionaid nó chleachtais oibre bhaolacha.
- Imscrúdóimid timpistí marfacha nó troma.
- Féachfaimid chuige go gcuirtear deireadh leis an gcleachtas baolach atá i gceist mar thoradh ar fhorfheidhmiú nó ar chosc comhaontaithe, nó más gá, tabharfaimid an cás os comhair na cúirte.
- Tabharfaimid os comhair na cúirte iad siúd a rinne faillí ina gcuid dualgas, má tá fianaise ann gur tharla cásanna báis, gortuithe troma nó teagmhais ríchontúirteacha toisc gur sáraíodh an reachtaíocht.

D'fhonn éifeacht chláir chigireachta an Údaráis a mheas, déanfaimid an méid seo:

- Déanfaimid scrúduithe leanúntais, ag díriú dúinn go háirithe orthu siúd nár chruthaigh go maith, féachaint cén feabhas atá tar éis teacht ar bhainistiú na sláinte agus na sábháilteachta.
- Beimid ag plé le comhlachtaí corparáideacha agus ionadaíocha d'fhonn aiseolas a thabhairt agus a lorg faoinár gcláir chigireachta.
- Féachfaimid cé mar is féidir an Faireachas Margaidh a fhorbairt agus tacóimid leis an inniúlacht inmheánach, ag díriú dúinn ar dtús ar an innealra agus ar an trealamh cosanta pearsanta.

Inár gcáil mar an príomhúdarás inniúil de bhun na Rialachán um Rialú Priacal Tionóiscí Móra (COMAH) 2006 (Treoir Seveso II an AE) déanfaimid an méid seo:

1. Clár iniúchta náisiúnta le measúnú a dhéanamh ar bhainistiú na bpríacal sláinte agus sábháilteachta

- Monatóireacht ar an gcaoi a gcomhlíontar na forálacha faoi bheartais chun mórtionóiscí a chosc agus faoin bpleanáil éigeandála inmheánach, agus faoi thuarascálacha sábháilteachta do na láithreáin lena mbaineann na riachtanais is tábhachtaí.
- Monatóireacht ar an gcaoi a gcomhlíonann na láithreáin is tábhachtaí a gcuid dualgas maidir le faisnéis a chur ar fáil don phobal faoi cad ba cheart a dhéanamh i gcás éigeandála ar na láithreáin agus mar a chomhlíonann siad riachtanais an phlean éigeandála.
- Tabharfaimid comhairle phleanála do na húdaráis phleanála áitiúla agus don Bhord Pleanála, mar a iarrfar, maidir leis na láithreáin lena mbaineann forálacha na Pleanála Úsáide Talún de bhun Threoir Seveso II.
- Comhlíonfaimid ár ról mar an t-údarás náisiúnta inniúil de bhun Acht na nArm Ceimiceach.

Ina cháil mar an t-údarás inniúil tá dualgas ar an Údarás deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na cuideachtaí a bhíonn ag iompar earraí contúirteacha ar an mbóthar forálacha an ADR

(Comhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar an mBóthar) agus na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar.

Inár gcáil mar an t-údarás náisiúnta inniúil maidir le raon reachtaíochta de chuid an AE i dtaca le REACH (Ceimiceáin a Chlárú, a Mheasúnú agus a Údarú), le Rangú, Lipéadú agus Pacáistiú substaintí agus meascán, le Glantaigh, agus le hOnnmhairiú agus Allmhairiú Ceimiceán Contúirteach, déanfaimid monatóireacht ar an ngéilliúlacht trí bhíthin imscrúduithe ar láthair na hoibre. Dá bharr seo caithfear 65 imscrúdú a dhéanamh ar na nithe seo i ngach earnáil.



» 2. Treoir agus comhairle d'fhostóirí agus d'fhostaithe

Is amhlaidh a chuireann an tÚdarás chuige agus é ag tabhairt treorach do na fostóirí agus dóibh siúd is mó atá freagrach as an tsláinte agus an tsábháilteacht ar láthair na hoibre, déanann sé deimhin de go bhfuil comhairle nuashonraithe fhóinteach le fáil go réidh.

I gcás reachtaíochta nua nó athcheartaithe, cuirfimid treoir nó cóid chleachtais tacaíochta ar fáil, más cuí. Má shaináithnítear priacail nua, eiseoimid foláirimh ar leith. D'fhonn feasacht na ndaoine a mhéadú faoi na priacail is cuid suntais agus na timpistí a ghabhann leo a sheachaint, cuirfimid tionscnaimh i gcrích, lena n-áirítear, ar láthair na hoibre, a áirithiú go bhfuil an t-eolas agus na huirlisí ag na fostóirí le tabhairt faoin gcosc.

Beimid i gcumarsáid leis na fostóirí agus na fostaithe trínár suíomh gréasáin, trí chruinnithe faisnéise, cheardlanna agus sheimineáir, trí phreaseisiúintí agus tríd an bpromóisean ar ócáidí oiriúnacha. Tá fúinn freisin raon ócáidí náisiúnta nó réigiúnacha a eagrú, nó páirt a ghlacadh iontu, in earnálacha na talmhaíochta (na Comórtais Treabhdóireachta, taispeántais talmhaíochta eile), na tógála, na sláinte, an iompair agus an oideachais. Eagróimid laethanta faisnéise réigiúnacha freisin a dhíreoidh ar ghnóthais bheaga go háirithe.

Cuimsíonn an clár ar mhaithe le feabhas a chur ar fheidhmíocht na bhfostaithe aonair maidir le sláinte agus sábháilteacht na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Trí bhíthin tionscnamh ar an láthair, deiseanna a chur ar fáil do na fostaithe a dtuiscint agus a gcumas i dtaca leis an tsláinte agus an tsábháilteacht cheirde a fhorbairt.
- Trí bhíthin faisnéise, oideachais agus oiliúna i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair, iad siúd atá ag dul i mbun na hoibre den chéad uair a ullmhú don ról a bheidh acu.
- Comhoibriú leis na ceardchumann agus le dreamanna eile d'fhonn an dea-chleachtas a chur chun cinn ar láthair na hoibre agus na hoibrithe a spreagadh agus a ghríosú.

I dteannta na tacaíochta seo, feidhmeoidh ár nAonad Teagmhála Ionaid Oibre i gcónaí mar an príomhphointe teagmhála do na fostóirí agus na fostaithe maidir le ceisteanna a éilíonn faisnéis agus maidir le déileáil le tuairiscí agus gearáin faoi chleachtais chontúirteacha nó mhífholláine ar láthair na hoibre.

Tuigimid freisin go bhféadfaidh an chomhairle agus an fhaisnéis a thugtar le linn imscrúduithe ar na hionaid oibre faoi seach cur le stór eolais na háite i measc na bhfostóirí agus na bhfostaithe. Trí bhíthin ár gclár cigireachta déanfaimid an méid seo:

- Cuirfimid comhairle scríofa agus ó bhéal ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteachta.
- Cuardóimid agus tacóimid le samplaí den dea-chleachtas.
- Eiseoidimid foláirimh shláinte nuair a chuirfimid eolas ar fhadhbanna is ábhar cúraim.
- Cláir fhaireachais mhargaidh a chur i bhfeidhm ar innealra agus ar threalamh cosanta pearsanta.

Tabharfaidh na cigirí comhairle faoi na treoracha atá eisithe ag an Údarás sna hearnálacha éagsúla, lena n-áirítear na Cóid Chleachtais sa Talmhaíocht, san Fhoraoiseacht, sa Tógáil, san Obair ar na Bóithre, i nDearadh agus i Suiteáil Boltaí daingnithe agus maidir le Contúirt a Sheachaint ó Cháblaí faoi Thalamh. Pléifear freisin na doiciméid treorach faoi Chórais Bhainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta do Scoileanna Dara Leibhéal agus faoi Dhearadh agus Chobhsaíocht Cairéal leis na fostóirí.

I dteannta na n-imscrúduithe ar na hionaid oibre ar leith, bíonn an tÚdarás ag déileáil ar an leibhéal corparáideach le cuideachtaí a bhfuil iomad suíomh acu agus freisin le comhlachtaí ionadaíochas sna hearnálacha. Is éard atá uainn ag obair mar seo dúinn, athruithe a chur i bhfeidhm ar an earnáil nó ar an gcuideachta.



» 3. Tosaíochtaí don bhliain 2010

Déanfaimid cúram i gcónaí d'earnálacha a sainaitheofar ina dtaobh go bhfuil priacal nó guais ag baint leo. Díreimid ár gcuid tionscnamh forfheidhmithe agus coiscthe ar na cúiseanna is mó a bhíonn le timpistí agus leis an drochshláinte sna hearnálacha seo.

Le cois earnálacha na tógála, na talmhaíochta agus na gcairéal, tabharfaimid faoi chúrsaí sláinte i dtaca le feithiclí oibre i ngach earnáil. Cuirfimid tús freisin le clár beart in éineacht le hearnáil an chúraim shláinte. Sa dá chlár seo, comhoibreoimid go dlúth le páirtithe leasmhara sna hearnálacha d'fhonn ár spriocanna a bhaint amach.

3.1 Fadhb thosaíochta: Líon na dtimpistí marfacha sa talmhaíocht agus sa tógáil

Is mó i gcónaí líon na dtimpistí marfacha in earnálacha na talmhaíochta agus na tógála ná in earnáil ar bith eile, ainneoin laghdú nach beag a bheith ar líon na ndaoine atá fostaithe sa tógáil ó 2007 anuas.

I rith 2010, leanfaidh an tÚdarás den chlár faisnéise, forfheidhmithe agus comhairle atá aige d'fhonn tabhairt faoi líon mór na dtimpistí marfacha sa dá earnáil seo. I dteannta na n-imscrúduithe atá beartaithe, tabharfaidh an tÚdarás faoi raon gníomhaíochtaí, lena n-áirítear ábhair oiliúna agus threorach a fhorbairt, "ghéchláir" agus eisiúintí preasa a ullmhú, a bheith i láthair ag taispeántais agus seónna, agus páirt a ghlacadh i gcoistí comhairle *ad hoc* agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

3.2 Fadhb thosaíochta: Sláinte cheirde

Tá sainaitheanta ag an Údarás gur réimse shuntasach í an tsláinte cheirde nár mhór aire a thabhairt di. Tá tosaithe cheana ar a bheith ag obair chun na críche seo agus is mó fós an bhéim a chuirfear air seo i 2010, inár bpolasaí ginearálta agus inár gcigireacht, agus freisin sa chaoi a dtabharfaimid faoi shainfhadhbanna, mar thinnis mhatánchnámharlaigh, a thagann de dheasca na láimhseála fisicí, agus tinnis síceasóisialta. Sa bhéim ghinearálta ghéaraithe seo ar an tsláinte cheirde, déanfaimid an méid seo:

- Forbróimid uirlisí do na fostóirí le cur ar a gcumas na priacail i gcúrsaí sláinte ceirde a shainaithint agus a bhainistiú mar is fearr is féidir.
- Cuirfimid tionscnaimh thacaíochta ar fáil ar an láthair arb aidhm dóibh an drochshláinte cheirde a chosc, sa réimse shíceasóisialta freisin.
- Oibreoimid i gcomhar le daoine eile d'fhonn an tsláinte agus an fholláine a chur chun cinn ar láthair na hoibre agus leanúint de bheith ag forfheidhmiú na moltaí a eascraíonn as an Straitéis ar mhaithe leis an tSláinte agus an Fholláine ar Láthair na hOibre a d'fhoilsigh an tÚdarás i 2008.
- Oibreoimid i gcónaí leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus le gníomhaireachtaí eile d'fhonn teacht ar fhoinsí sonraí maidir le tinnis agus galair cheirde, chun bonn a chur faoinár gclár pholasaí agus d'fhonn riachtanais Eurostat maidir le tuairiscí ar shonraí galair a chomhlíonadh.

Tacóidh raon beart sa chlár cigireachta leis an iarracht seo, lena n-áirítear:

- Scrúduithe breise ar an measúnú ar phriacal na láimhseála fisicí agus ar fhorfheidhmiú na rialuithe.
- Leathnú ar an athbhreithniú ar an measúnú ar threalamh scáileán taispeána.
- Féachaint an bhfuil polasaí frith-bhulaíochta ag na fostóirí a fhreagraíonn don chód cleachtais.
- Measúnú ar bhainistiú ceimiceán agus ar an úsáid a bhaintear astu ar láthair na hoibre.
- Measúnú ar an ngéilliúlacht maidir le húsáid dheonach nó neamh-dheonach oibreán bitheolaíoch.
- Monatóireacht ar an easpa cosanta ar dheannaigh orgánacha.

3.3 Fadhb thosaíochta: Láimhseáil fhisiceach

Taismí de dheasca na láimhseála fisicí is siocair le breis agus 30% d'iomlán na ngortuithe a thuairiscítear chun an Údaráis gach bliain. Mar chuid dár straitéis don tréimhse 2010-2012, déanfaimid bearta d'fhonn na timpistí seo a chosc agus na gortuithe a laghdú, mar a leanas. Déanfaimid an méid seo:

- Cuirfimid ar bun an clár teistithe nuashonraithe FETAC chun teagascóirí láimhseála fisicí a oiliúint.
- Cuirfimid tacaíocht theicniúil ar fáil don earnáil mhiondíola d'fhonn cabhrú leis an measúnú riosca sa láimhseáil fhisiceach.
- I gcomhar le daoine eile, cuirfimid i

bhfeidhm na moltaí agus na freagraí atá tar éis teacht chun solais de bharr taighde a rinneadh le gairid ar an láimhseáil fhisiceach in earnáil na tógála.

- Féachfaimid chuige go n-áireofar an mhúscailt feasachta i leith na láimhseála fisicí i ngach ábhar tacaíochta oideachais agus ar gach curaclam.

3.4 Fadhb thosaíochta: Sleamhnuithe, cora coise agus titimí

Taismí de dheasca sleamhnuithe, cor coise agus titimí is siocair le breis agus 20% d'iomlán na ngortuithe a thuairiscítear chun an Údaráis gach bliain. Mar chuid dár straitéis don tréimhse 2010-2012, déanfaimid bearta d'fhonn na timpistí seo a chosc agus na gortuithe a laghdú, mar a leanas. Déanfaimid an méid seo:

- Forbróimid saintreoracha earnála d'fhonn timpistí a thagann de dheasca sleamhnuithe, cor coise agus titimí a chosc, lena n-áirítear foirne uirlisí do na hearnálacha miondíola, cúraim shláinte agus fáilteachais agus d'ionaid oibre oifige go ginearálta.
- Eagróimid seimineáir agus ceardlanna ar mhaithe le timpistí de dheasca sleamhnuithe, cor coise agus titimí a chosc.

3.5 Fadhb thosaíochta: Faireachán margaidh

I 2010, tar éis do Rialachán Faireachán Mhargaidh an AE a bheith curtha i bhfeidhm, forbróimid cláir fhaireacháin mhargaidh do raon táirgí. Ag déanamh na hoibre seo dúinn,

glacfaimid páirt san fhóram faireacháin mhargaidh in éineacht leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta sa chaoi is go gcuirfidh na gníomhaireachtaí agus na ranna rialtais chuig an obair ar bhealach comhordaithe. Cuirfear na pleananna atá againn maidir leis na rialacháin faireacháin mhargaidh a chur i bhfeidhm faoi bhráid Choimisiún an AE i 2010, mar aon le tuarascáil ar an bhforfheidhmiú. Cuirfimid freisin leis an gcumas inmheánach d'fhonn an réimse thábhachtach nua seo inár ngnó a bhainistiú. Méadóidh an rialachán na cumhachtaí atá againn faireachán a dhéanamh ar tháirgí oibre ar mhargadh na hÉireann.

3.6 Fadhb thosaíochta: Earnáil cúraim shláinte

Is í an earnáil cúraim shláinte is siocair le breis agus 10% d'iomlán na ngortuithe ar láthair na hoibre a thuairiscítear chun an Údarás gach bliain. Le trí thrúig mhóra timpiste a bhaineann na gortuithe a thuairiscítear: an láimhseáil fhisiceach; sleamhnuithe, cora coise agus titimí, agus suaithheadh, sceon agus foréigean. Tugann sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh le tuiscint go bhfuil ráta tinnis cuibheasach ard ann i measc oibríthe cúraim shláinte i gcomparáid leis an meán thar na hearnálacha.

Toisc an earnáil seo a bheith ag dul i gcoimpléascacht i gcónaí, ní mór cur chuig an bhfadhb ar bhealach iltreorach d'fhonn feabhas a chur ar fheidhmíocht na sláinte agus na sábháilteachta thar an earnáil.

I 2009 d'fhorbraíomar plean cúig bliana don tréimhse 2010-2015, a leag amach aidhmeanna agus bearta an Údaráis maidir

le hearnáil an chúraim shláinte (is féidir an plean a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Údaráis).

Roghnaíodh roinnt eochairbheart as an bplean seo le go dtabharfaí tús áite dóibh i 2010. Déanfaimid an méid seo:

- Forbróimid staidéir cháis sa dea-chleachtas.
- Cuirfimid treoracha ar fáil maidir le córais bhainistíochta sláinte do sholáthraithe cúraim shláinte beaga.
- Bunóimid Grúpa Teicniúil Sláinte agus Sábháilteachta d'fhonn saineolas a chur ar fáil mar thaca le forbairt agus le forfheidhmiú beart treoraíochta agus cúraim shláinte.
- Forbróimid an treoraíocht, lena n-áirítear bileoga faisnéise, ar ábhair áirithe.
- Déanfaimid breis cigireachta ar shaoráidí cúraim shláinte.

3.7 Fadhb thosaíochta: Sábháilteacht feithiclí oibre

Is tasmí a bhaineann le feithiclí is siocair leis an gcuid is mó de na timpistí marfacha oibre in Éirinn. Idir Eanáir na bliana 2003 agus mí Nollag 2008, tharla 367 timpiste mharfach oibre. Rangaíodh 170 (46%) díobh seo mar thasmí feithiclí oibre. Tuairiscítear timpeall 1,400 gortú neamh-mharfach a bhaineann le feithiclí oibre chun an HSA gach bliain.

Tá plean déanta amach againn a leagann amach mar a bhímid ag iarraidh na gortuithe ar feithiclí oibre is siocair leo a laghdú. Cuimsíonn an plean seo:

- Iompar ar láthair na hoibre: an úsáid a bhaintear as feithiclí in ionad oibre buan nó sealadach.

- Sábháilteacht bhóthair ó thaobh na hoibre: bainistiú na bpríacal agus na nguaiseacha a bhaineann le daoine atá ag tiomáint nó ar a dtéann an tiomáint i bhfeidhm, ar mhaithe leis an obair nó le gníomhaíochtaí oibre, ar bhóthar nó in aice le bóthar.

Leagann an plean seo (ar féidir é a íoslódáil ó shuíomh gréasán an HSA) téamaí bliantúla amach. Is iad seo a leanas na saincheistanna nár mhór tabhairt fúthu i 2010:

- Cúlú feithiclí a bhainistiú.
- Measúnú riosca.
- Coisithe a bhainistiú.
- Comhpháirtíocht idir na páirtithe leasmhara a fhorbairt.

3.8 Fadhb thosaíochta: Sláinte agus sábháilteacht a chur san áireamh san oideachas tríú leibhéal

Beidh plé i gcónaí againn i 2010 leis an gcóras oideachais, chun an dul chun cinn ar an leibhéal iar-bhunoideachais a dhaingniú agus tionscnaimh a chur ar bun sa bhunoideachas ina mbeidh na páistí i dtreis. Cuirfear béim bhreise i mbliana ar an oideachas tríú leibhéal.

Tar éis an taighde a choimisiúnaíomar i 2009 ar an oideachas riosca agus an tsláinte agus an tsábháilteacht i gcúrsaí staidéir sa tógáil, cuirfimid plean gníomhaíochta i láthair d'fhonn tabhairt faoi na bearnaí agus a áirithiú go dtabharfar áit lárnach don tsláinte agus don tsábháilteacht ar churaclaim na gcúrsaí seo. Déanfaimid é seo i gcomhar leis an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Tógála (CSP) a bhfuil an aidhm curtha roimpi aici dul chun cinn a dhéanamh san oideachas tríú leibhéal mar chuid dá plean trí bliana.

I 2010 tabharfar chun críche comórtas nua 'An tSábháilteacht sa Dearadh' a bheidh dírithe ar chúrsaí céime tras-fheidhmithe (ailtireacht, innealtóireacht, suirbhéireacht, bainistiú tógála, etc) sna hollscoileanna agus na hInstitiúidí Teicneolaíochta. Beidh fochoiste dár gCoiste Comhairliúcháin Tógála i mbun an tionscnaimh seo.

Aimseofar deiseanna eile le dul i bhfeidhm ar churaclaim agus ar mhic léinn tríú leibhéal i réimsí taobh amuigh d'earnáil ghinearálta na tógála agus déanfar iarracht teacht i dtír orthu i 2010.



» 4. Clár ceimiceán

Ainmníodh ár rannán Seirbhísí agus Polasaí Ceimiceán mar an t-údarás náisiúnta agus an riarthóir do raon reachtaíochta ceimiceán Eorpaí agus náisiúnta faoin tsláinte, an tsábháilteacht agus an gcomhshaol. D'fhonn ceannaireacht a chur ar fáil faoi chúrsaí ceimiceán ar an leibhéal náisiúnta, tógfaimid comhpháirtíochtaí i measc ár gcomhghleacaithe náisiúnta agus Eorpacha, arb aidhm dóibh sláinte na ndaoine agus an comhshaol a chosaint gan dochar a dhéanamh don acmhainn iomaíochta ná do spreagadh na nuálaíochta.

Is é ár n-aidhm fhoriomlán féachaint chuige go mbainistefar agus go n-úsáidfear ceimiceán ar chaoi is go dtáirgtear agus go n-úsáidtear iad ar bhealach a fhágann an iarmhairt dhíobhálach is lú is féidir ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol. Lena aghaidh seo forbróimid cláir fheasachta d'fhonn lucht gnó, na fostaithe agus na tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi mar ba cheart ceimiceán a bhainistiú, a láimhseáil agus a úsáid.

I 2010:

- Cuirfimid i gcrích ár ról ceannaireachta mar an t-údarás náisiúnta inniúil go héifeachtach maidir le raon reachtaíochta ceimiceán de chuid an AE. Oibreoidimid le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí poiblí eile, mar an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus Seirbhís Rialaithe Lotnaidicídí (PCS) na Roinne Talmhaíochta agus Bia, le deimhin a dhéanamh de go n-úsáidtear na hacmhainní go héifeachtach éifeachtúil agus gcuirtear go comhsheasmhach chuig an reachtaíocht ceimiceán in Éirinn. Déanfaimid monatóireacht ar éifeachtacht an mheabhráin tuisceana atá againn leis an

EPA agus forbróimid ár gcomhar leis an tSeirbhís Rialaithe Lotnaidicídí d'fhonn meabhrán tuisceana a shíniú léi.

- Soláthróimid comhairle shaineolach agus cuirfimid leis na cláir cheimiceán tras-fheidhmithe idir an DETE agus ranna rialtais eile.
- Rachaimid i gcomhpháirtíocht agus i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara cuí, lena n-áirítear an Coiste Comhairliúcháin Eolaíochta agus Teicniúil agus grúpaí ad-hoc eile a cuireadh ar bun de bhun a théarmaí tagartha d'fhonn feasacht a spreagadh maidir leis an díobháil a dhéanann na ceimiceán don tsláinte agus na straitéisí coiscthe a theastaíonn.
- Oibreoidimid leis an DETE agus le gníomhaireachtaí stáit eile d'fhonn na moltaí polasaí comhaontaithe a chur i bhfeidhm i leith an Údaráis um nanaitheicneolaíocht, chun sláinte agus sábháilteacht na n-oibríthe a chosaint.

4.1 Ról an Údaráis de bhun an Achta um Cheimiceán 2008 a shainmhíniú

Agus sinn ag comhlíonadh ár gceangaltas de bhun Ailt 8 den Acht um Cheimiceán 2008:

- Cuirfimid san áireamh an ról ceannaireachta a leagadh orainn i dtaca le hÚdaráis Náisiúnta eile de bhun Ailt 8(4) den Acht um Cheimiceán agus beidh éifeacht linn sa ról sin.
- Comhlíonfaimid ár ról mar an t-údarás náisiúnta inniúil maidir le raon reachtaíochta de chuid an AE i dtaca le REACH, le Rangú, Lipéadú agus Pacáistiú substaintí agus meascán, le Glantaigh, agus le hOnnmhairiú agus Allmhairiú Ceimiceán Contúirteach.

De bharr na riachtanas seo, síneann ár ról amach thar láthair na hoibre mar is é an aidhm atá leo sláinte na ndaoine agus an comhshaol a chosaint. Cuimsíonn ár ról reachtaíochta margú ceimiceán ar mhargadh na hEorpa freisin. Mar shampla, cuirfimid sainchomhairle agus ionchur ar fáil do Mheasúnú Riosca na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA), d'fhochoistí socheacnamaíocha ballstát, don Fhóram faoi Fhorfheidhmiú agus do ghrúpaí oibre teicniúla eile maidir leis an nanaitheicneolaíocht agus le glantaigh, agus do ghrúpaí saineolacha comhpháirtíochta.

- Seasfaimid freisin thar ceann leasanna na hÉireann ar roinnt de choistí an Choimisiúin Eorpaigh, mar CARACAL, an tÚdarás atá inniúil do na Rialacháin REACH agus CLP agus foghrúpaí cuí ar nós líonra deasc cabhrach na mballstát de chuid ECHA (Grúpa Stiúrtha HelpNet). Tá ról ionadaíochta eile againn ar Choiste Údaráis Ainmnithe Náisiúnta (DNA) an AE, i gcáil comh-DNA maidir le Rialachán (CE) 689/2008 Onnmhairithe agus Allmhairithe Ceimiceán Contúirteach.
- Inár gcáil mar údarás náisiúnta REACH bímid ag tabhairt tacaíochta freisin do pháirtithe leasmhara trínár ndeasc chabhrach REACH/CLP agus cuirimid suíomh gréasáin ar fáil ar bhainistiú sábháilte ceimiceán. Tá rún againn seimineáir a eagrú ar bhainistiú sábháilte inbhuanaithe ceimiceán i rith 2010.
- Leanfaimid de bheith ag forbairt ár gclár fheasachta faoi mar ba cheart ceimiceán a bhainistiú, a láimhseáil, agus a úsáid i roinnt earnálacha tábhachtacha atá sonrath againn. Ina theannta seo ullmhóimid agus díreoimid ábhar tionscnaimh ar na hearnálacha seo.

Chomh maith leis sin forbróimid foireann uirlisí bainistithe ceimiceán do na fiontair bheaga agus mheánmhéide. Leanfaimid den mhonatóireacht ar threochtaí agus ar réimsí taighde ar iarmhairtí na gceimiceán ar an tsláinte agus an tsábháilteacht cheirde agus ar an gcomhshaol.

4.2 Clár iniúchta ceimiceán

Tacóidh raon beart sa chlár iniúchta i 2010 leis an gclár, lena n-áirítear:

- Measúnú ar leibhéal na feasachta agus na géilliúlachta maidir le REACH/An tAcht um Cheimiceán i measc na n-úsáideoirí iarteachtacha sna hearnálacha déantúsaíochta agus mórdhíola/miondhíola.
- Measúnú ar chuideachtaí ag a bhfuil substaintí réamhchlárathaithe/clárathaithe.
- 400 imscrúdú ar stórais ceimiceán agus ar láithreáin ina bhfuil priacal mór timpistí.
- 65 saininiúchadh a chur i gcrích sna réimsí CLP, Glantaigh, REACH agus Onnmhairiú / Allmhairiú.
- An chéad spriocdháta clárathaithe de bhun an Rialacháin REACH do cheimiceán mhórtuairte i mí na Nollag 2010 agus spriocdháta Fógra Rialachán an CLP in Eanáir 2011 a mheabhru do thionscal na gceimiceán.
- Páirt a ghlacadh sa Tionscadal Measúnaithe Riosca Ceimiceán de chuid an Choiste Shinsearaigh Cigireachta Saothair.
- Scrúdú ar stóráil agus ar úsáid ceimiceán in earnáil na talmhaíochta.

» 5. Clár forbartha reachtaíochta

Cabhróidh an tÚdarás leis an Aire Gnóthaí Saothair, ag cur moltaí faoina bhráid ar mhaithe le forbairtí reachtaíochta sna réimsí a liostaítear in Aguisín 1. Cuirfear i gcrích freisin i 2010 roinnt moltaí reachtaíochta lenar cuireadh tús i 2009 (tá siad seo arna liostú freisin in Aguisín 1).

Cuirfear cóid chleachtais nó ábhar treorach eile ar fáil mar thionlacan leis na moltaí reachtaíochta, de réir mar is cuí (féach leat Aguisín 2). Is é aidhm na treorach a thugaimid cabhrú leis na fostóirí a gcuid oibleagáidí reachtaíochta a thuiscint agus cuntas a thabhairt dóibh ar na bearta is gá a dhéanamh lena bheith géilliúil.

Rachfar i mbun an chomhairliúcháin phoiblí maidir le gach cód cleachtais ar chaoi is go gcuirfear tuairimí na bpáirtithe leasmhara san áireamh le linn don pholasáí a bheith á leagan síos. Cabhróidh an fhaisnéis fhónta a gheofar tríd an bpróiseas comhairliúcháin leis an Údarás polasaithe a leagan amach ar bhonn na fianaise.

5.1 Riachtanais rialála agus riaracháin a laghdú

De réir phrionsabail na “Rialála Feabhsaithe”, cuirfidh an tÚdarás Measúnú cuimsitheach Iarmharta Rialála i gcrích do gach moladh reachtaíochta nua lena áirithiú go gcuirfear reachtaíocht chomhsheasmhach chomhréireach ar fáil.

Cabhróimid i gcónaí leis an DETE sa phróiseas arb aidhm dó an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta atá ann a nuachóiriú. Chun na críche seo, sainaitheoimid agus measúnóimid deiseanna d’fhonn na hoibleagáidí rialála atá ar na fostóirí a laghdú gan dochar do na forálacha sláinte agus sábháilteachta le go gcaomhnaítear sláinte agus sábháilteacht cheirde na n-oibrithe agus sláinte agus sábháilteacht na ndaoine agus cosaint an chomhshaoil maidir le ceimiceáin. Ullmhófar anailís iarmharta rialála d’fhonn bonn réasúnaíochta a chur ar fáil maidir le forálacha seanchaite a nuashonrú nó a chealú.

Leanfaimid den chomhoibriú leis an DETE d’fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar fhostóirí anois faisnéis nó fógraí a chur faoi bhráid an Údaráis. Sainaitheoimid na réimsí inar féidir oibleagáidí fógartha a réasúnú nó a laghdú agus cuirfimid na prionsabail seo i bhfeidhm ar gach moladh reachtaíochta nua.

» 6. Mar a oibrímid

Tá an chomhpháirtíocht agus an comhairliúchán riachtanach d'obair an Údaráis. Téann páirt na ndaoine eile chun sochair dó. Cuimsíonn ár gcuid comhpháirtíochtaí an próiseas náisiúnta comhpháirtithe sóisialta (arb é a phointe tosaigh an Bord seo againne), coistí comhairliúcháin náisiúnta agus réigiúnacha arna gceapadh ag an mBord, rannpháirtíocht i dtionscnaimh arna stiúradh ag eagraíochtaí eile agus socruithe ad-hoc a forbraíodh d'fhonn tacú le tionscnaimh ar leith.

6.1 Comhpháirtíochtaí

Tá creat comhair cheana féin ag an Údarás le comhlachtaí eile; go háirithe tá comhaontuithe foirmiúla déanta aige le raon comhlachtaí forfheidhmithe agus comhlachtaí tionscnaimh eile. Leathnófar agus treiseofar leis na socruithe seo i rith 2010, mar shampla trí bhíthin comhaontaithe comhair a dhéanfar iarracht a fhorbairt le NERA.

I 2010, rachaimid i mbun comhairliúchán eile a bhféadfadh socruithe comhpháirtíochta nua teacht dá mbarr. Is dócha go dtiocfaidh siad seo chun cinn i réimsí an chúraim shláinte, na bhfeithiclí oibre, an tuairiscithe ar an tsláinte cheirde, na bulaíochta i gcomhthéacs na hoibre, an leictreachais agus an fhaireacháin mhargaidh.

6.2 Freagrachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta

I rith ár gcuid oibre bímid ag plé go forleathan leis an AE agus a chuid struchtúr. Tá baint againn freisin le struchtúir idirnáisiúnta eile taobh amuigh den AE a bhfuil tionchar acu ar ár gcuid oibre, mar na Náisiúin Aontaithe agus an Eagraíocht

Idirnáisiúnta Saothair.

I 2010, soláthróimid tacaíocht pholasaí agus theicniúil i réimsí a shíneann ó straitéis fhoriomlán an AE maidir le fadhbanna polasaí agus cigireachta go dtí grúpaí oibre teicniúla a bheidh ag plé le forbairt reachtaíocht an AE:

- Coiste Comhairliúcháin faoin tSláinte agus an tSábháilteacht
- Grúpa Oibre faoin Talmhaíocht
- Grúpa Oibre faoi na hOspidéal
- Grúpa Oibre faoin Iascaireacht
- Grúpa Oibre faoi na Tionscail Eastósctha
- Grúpa Oibre faoin Oideachas agus an Oilíúint
- An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair
- Grúpa Oibre Teicniúil - Neamhoird Mhatánchnámharlaigh a Bhaineann leis an Obair
- Grúpa Oibre Teicniúil - Radaíocht Leictreamaighnéadach
- Grúpa Oibre Teicniúil - Gás
- Grúpa Oibre Teicniúil - Innealra
- Grúpa Oibre Teicniúil - Ardaitheoirí
- Grúpa Oibre Teicniúil - ATEX
- Grúpa Oibre Teicniúil - Fearas Cosanta Pearsanta
- Grúpa Oibre Teicniúil - Brú-Threalamh
- Grúpa Oibre Teicniúil - TPED
- Grúpa Oibre Teicniúil - Staitistic Eorpach faoi Thimpistí ag an Obair
- Grúpa Oibre Teicniúil - Scórchlár Eorpach
- Coiste Sinsearach Cigireachta Saothair
- Coistí Ceimiceán Eorpacha mar a mhínítear i gCuid 4.1

Ina theannta seo bainisteoimid Pointe Fócasach Líonra na hÉireann do Ghníomhaireacht an AE i mBilbao, ag

déanamh deimhin de go roinntear faisnéis nuashonraithe ar na rannpháirtithe agus ag cur cláir bheoga imeachtaí i gcrích do Sheachtain Shábháilteachta na hEorpa a bheidh ar siúl i nDeireadh Fómhair na bliana 2010.

6.3 Nuálaíocht

Má tá uainn an caiteachas a laghdú ní mór na hiarrachtaí a eagrú ar bhealach spriocdhírthe samhlaíoch. Leanfaimid orainn ag tabhairt clár nua agus bealaí oibre nua isteach.

Ag díriú ar an gcóras oideachais dúinn, bainfimid leas as teicneolaíochtaí nua agus próisis chumarsáide nua le dul i gcion ar an lucht éisteachta óg. Tabharfar áit lárnach i 2010 don r-fhoghlaim agus do na “cluichí tromchúiseacha” ar tosaíodh orthu i 2009.

Is dúshlán i gcónaí é dul i gcion ar ghnóthais bheaga agus ríbhheaga. In éineacht le comhlachtaí na bhfostóirí agus ag baint úsáide as ár n-acmhainní féin, féachfaimid chuige go mbeidh teacht ar an bhfaisnéis mar is fearr is féidir, ó thaobh an ábhair agus an chostais. Chomh maith leis sin, forbróimid agus foilseoimid teimpléid shimplithe mheasúnaithe riosca do ghnóthais bheaga thar raon earnálacha agus eagróimid laethanta faisnéise / idirghníomhaíochta chun cabhrú leo.

Leathnófar an Plean Córais Shábháilte Oibre chun réimsí eile a bhainfidh leas as an bpróiseas measúnaithe riosca simplithe seo. I 2010 dearfaimid pleananna dá leithéid in éineacht leis na húdaráis áitiúla (cothabháil, páirceanna agus an comhshaol) agus le Uiscebhealaí Intíre Éireann.

Féachfaimid cé mar is féidir faisnéis

staidrimh a chur ar fáil níos éasca do na custaiméirí agus dár bhfoireann féin. De réir na n-acmhainní a bheidh le fáil, féachfaimid cé mar is féidir saoráid a chur á forbairt le cur ar chumas na n-úsáideoirí ceisteanna a chur ar ár mbunachar sonraí taismí tríd an suíomh gréasáin.

Beidh an tÚdarás san airdeall maidir le fadhbanna a d'fhéadfadh dul i gcion ar dheiseanna forbartha eacnamaíochta i réimse na gceimiceán nó na teicneolaíochta uathne agus coinneoidh sé an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an eolas faoi dheiseanna den sórt.

6.4 An dea-chleachtas inár n-eagraíocht féin

I 2010, féachfaimid lenár ndaoine agus ár gcuid próiseas féin a fhorbairt ar na bealaí seo:

- Oibreoidimid sa chaoi is go gcaomhnófar ár gcreidiúnú seachtrach i réimsí tábhachtacha mar an teagmháil leis na custaiméirí, na próisis iniúchta agus an Duais Óir Feabhas Trí Bhíthin Daoine. Féachfaimid freisin le haithne Innealtóirí Éireann a bhaint amach mar fhostóir creidiúnaithe.
- Leanfaimid d'fhorbairt ár mball foirne i rith na bliana ar dócha gur bliain dhúshlánach a bheidh inti. Cuirimid de cheangal orainn féin dul i mbun idirphlé leis an bhfoireann agus lena cuid ionadaithe go seasta maidir le haon athrú suntasach a chuireann an rialtas nó an tÚdarás chun cinn. Caomhnóimid agus forbróimid inniúlacht theicniúil agus bhainistíochta na foirne trí bhíthin gníomhaíochtaí forbartha inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear clár

cuimsitheach sláinte agus sábháilteachta ceirde a chur ar fáil don fhoireann go léir.

- Tabharfaimid aire i gcónaí do bhainistiú na feidhmíochta d'fhonn leibhéal ard seirbhíse a chur ar fáil dár gcustaiméirí.
- Tomhaisfimid i gcónaí sásamh na gcustaiméirí agus cuirfimid i bhfeidhm na moltaí a eascraíonn as torthaí suirbhéanna a rinneadh cheana.
- Féachfaimid chuige go mbeidh faisnéis a ndóthain ag na bainisteoirí le cur ar a gcumas an fheidhmíocht agus cúrsaí airgeadais a bhainistiú go gníomhach.
- Caomhnóimid agus feabhsóimid sábháilteacht, feidhmíocht, solúbthacht agus fórsa ár gcóras agus ár líonra TF d'fhonn na costais a laghdú, an cumas inmheánach a mhéadú agus forchostais chothabhála ár gcuid córas agus seirbhísí a laghdú an oiread agus is féidir.

6.5 Rialachas corparáideach

Cuirfimid go dian i gcónaí chuig an rialachas corparáideach i rith 2010 lena áirithiú go gcuirimid ár ngnóthaí i crích go trédhearcach agus go cuntasach:

- Géillfimid d'fhorálacha an Chóid Rialachais Chorporáidigh do Chomhlachtaí Stáit agus tuairisceoidimid chun an Aire faoinár ngéilliúlacht.
- Cuirfear faisnéis thráthúil, bheacht chuimsitheach ar fáil don Bhord, lena n-áirítear faisnéis faoi fheidhmíocht na gclár, faoi phriacail agus airgeadas, lena áirithiú gur féidir le baill an Bhoird a gcuid dualgas a chur i gcrích go héifeachtach éifeachtúil.
- Foilseoidimid clár oibre, tuarascálacha bliantúla, ráitis aschuir agus achoimrithe

staidrimh a bheidh soiléir, achomair agus dírithe ar an bhfeidhmíocht.

- Déanfaimid uasghrádú ar an gcóras tacaíochta don bhunachar a bhainistíonn na taifid, le gur mó an úsáid a bhainfear as comhaid leictreonacha agus mar sin gurb éifeachtaí is féidir na comhaid a stóráil agus a aisghabháil.

6.6 Luach ar airgead

I 2010, féachfaimid lenár bhfeidhmíocht a chaomhnú agus a fheabhsú sa réimse seo, mar a leanas:

- Déanfaimid anailís ar na sonraí atá le fáil lena áirithiú go ndíreofar an chigireacht, an forfheidhmiú agus na ngníomhaíochtaí coiscthe orthu siúd is lú atá ag géilleadh.
- Díreofar na bearta coiscthe freisin ar na réimsí inar mó atá slí le feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht agus leis na costais iomlána ar an ngeilleagar a laghdú.
- Freagróimid d'aon athrú a chuirfear ar an mbuiséad agus féachfaimid leis an tseirbhís is fearr ia féidir a thabhairt, go háirithe i réimsí ina laghdófar ár gcuid acmhainní.
- Cuirfear aon chaiteachas suntasach faoi réir próiseas agus scrúduithe diana i gcónaí.
- Cuirfimid iniúchtaí inmheánacha i gcrích le féachaint chuige go bhfuil luach á fháil ar an airgead, conarthaí soláthair san áireamh.
- Cuirfear bailchríoch ar na dréacht-ráitis airgeadais do 2009 agus cuirfear ar aghaidh iad go hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi dheireadh Feabhra 2010.

» Aguisín 1 Clár Forbartha Reachtaíochta 2010

Moltaí reachtaíochta nua á mbeartú do 2010

Leasú ar Rialacháin Feidhmiúcháin Ghinearálta

Aispeist

Carcanaiginte

Iompar Earraí Contúirteacha ar an mBóthar

Oibreáin cheimiceacha

Acht na gCeimiceach 2008 (leasuithe)

Rangú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán

Tógáil (athbhreithniú agus leasú mar is cuí ar na Rialacháin Tógála 2006)

Rialú Priacal Tionóiscí Móra (COMAH)

Glantaigh

Onnmhairiú agus allmhairiú substaintí contúirteacha

Tuairisciú ar thimpistí

Athbhreithniú ar na hAchtanna um Shábháilteacht sa Tionscal 1955 agus 1980 agus na Rialacháin a ghabhann leo

Moltaí reachtaíochta atá ar siúl agus le críochnú i 2010

Oibreáin bhitheolaíochta

Rangú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán

Tumadóireacht

Obair ar na dugáí (athbhreithniú)

Éaluithe éigeandála

Mianaigh

Radaíocht optúil

Córais bhrú

» Aguisín 2 Treoir agus Cóid Chleachtais 2010

Cóid Chleachtais a Mholtar

An chontúirt a thagann ó sheirbhísí faoi thalamh a sheachaint

Bulcstóráil agus dáileadh táirgí so-adhainte

Tumadóireacht

Sábháilteacht leictreach i gcairéil

Árthaí iascaireachta (níos giorra ná 15 méadar agus le foirne is lú ná triúr)

Meiscigh

Stóráil agus dáileadh miondíola táirgí peitriiliam

Athleasú ar an gcód cleachtais do thriúr fostaíthe nó níos lú sa tógáil (ar a n-áireofar oibreacha bóthair)

Obair dhín (Áitribh mhaireachtála / thráchtála / ghinearálta)

Feithiclí a oibriú go sábháilte san obair chairéil

Treoracha a mholtar

Aispeist

Oibreáin bhitheolaíochta

Iompar Earraí Contúirteacha ar an mBóthar Tumadóireacht

Dugaí

Oideachas

Cúram sláinte (soláthraithe beaga)

Láimhseáil beostoic d'fheirmeoirí

Measúnú riosca láimhseála fisicí

Faireachán margaidh

Obair oíche agus sealobair

Sláinte cheirde san fheirmeoireacht

Strus ceirde

Radaíocht optúil

Riachtanais cháilíochta do bhainisteoirí cairéal

Dearadh agus cobhsaíocht cairéal

Tuairisciú ar thimpistí

Miondíol

Measúnú riosca simplithe

Sleamhnuithe, cora coise agus titimí

Tarracóirí agus innealra talmhaíochta

Ábhair thacaíochta eile a mholtar

Tacaí curaclaim don bhunoideachas, don iar-bhunoideachas agus don oideachas tríú leibhéal

Ábhair thionscnaimh ar DVD – talmhaíocht, iompar

Bileoga faisnéise: foláirimh; ábhair thionscnaimh agus léirithe do gach earnáil agus gach priacal

Slán ó Chontúirt Tionscnamh do na bunscoileanna Tacaí ar-líne don oideachas

Acmhainn Cluichí Tromchúiseacha (tionscnamh don chóras oideachais)

SMP 20 (sábháilteacht tógála do chonraitheoirí a fhostaíonn chomh hard le 20; in éineacht le CSP)

SSWP (plean do chóras oibre sábháilte) do pháirceanna agus don chomhshaol (in éineacht le LG MS B)

Aonad Idirbhlian

*Cultúr Náisiúnta
a **chruthú** ina
mbeidh CÁCH Tiomanta
don tSláinte agus don
tSábháilteacht ar na
Láithreacha Oibre agus
do Bhainistiú Slán
Inbhuanaithe na
n-Ábhar Ceimiceach.*

**AN tÚDARÁS SLÁINTE
AGUS SÁBHÁILTEACHTA**

Teil. 1890 289 389

Ag glaoch ón
gcoigríoch

00353 1 6147000

Facs. (01) 6147020

www.hsa.ie



**HEALTH AND SAFETY
AUTHORITY**